# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 209/2019

## an 27 Meán Fómhair 2019

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Ábhair thréidliachta agus fíteasláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/14]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/913 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 maidir le hathnuachan a dhéanamh ar údarú ochtaihiodráit charbónáite lantanaim mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 163/2008 (sealbhóir an údaraithe Bayer HealthCare AG) [1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/914 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 maidir le hullmhóid *Bacillus licheniformis* DSM 28710 a údarú mar bhreiseán beathaithe do thurcaithe lena ramhrú, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaraithe HuvePharma NV) [2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Baineann an Cinneadh seo le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 295 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/929 ón gCoimisiún) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'296. **32019 R 0913**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/913 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 maidir le hathnuachan a dhéanamh ar údarú ochtaihiodráit charbónáite lantanaim mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 163/2008 (sealbhóir an údaraithe Bayer HealthCare AG) (IO L 146, 5.6.2019, lch. 57).

297. **32019 R 0914**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/914 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 maidir le hullmhóid *Bacillus licheniformis* DSM 28710 a údarú mar bhreiseán beathaithe do thurcaithe lena ramhrú, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaraithe HuvePharma NV). (IO L 146, 5.6.2019, lch. 60).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/913 agus (AE) 2019/914 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[1] IO L 146, 5.6.2019, lch. 57.
[2] IO L 146, 5.6.2019, lch. 60.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Meán Fómhair 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meán Fómhair 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Gunnar PÁLSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.